An tAonad Cosanta Sonraí,
An Roinn Oideachais agus Scileanna,
Corr na Madadh,
Baile Átha Luain,
Co na hIarmhí.

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Data Protection Unit,
Department of Education and Skills,
Cornamaddy,
Athlone,
Co. Westmeath.

Foirm Iarratais ar Iarratas Rochtana ar Ábhar (SAR)

Iarratas ar Rochtain ar Shonraí Pearsanta faoin
Acht um Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus um Chosaint Sonraí 2018.

Nóta:

1. ***Ní mór cruthúnas aitheantais a bheith in éineacht leis an bhfoirm Iarratais ar Iarratas Rochtana ar Ábhar.***
2. ***Má bhíonn iarratas gan bhunús soiléir, thar fóir, iarratas a chuirtear isteach arís is arís eile nó má bhíonn níos mó ná cóip amháin á lorg, d'fhéadfadh táille a bheith i gceist.***
3. ***Tá Ráiteas Príobháideachais na Roinne Oideachais agus Scileanna leagtha amach ag deireadh na foirme seo.***

Comhlánaigh gach cuid, le do thoil.

Cuid 1 – Mionsonraí faoi Ábhar na Sonraí (an duine atá ag déanamh iarratais)

Sonraí Teagmhála *(i mbloclitreacha)***:**

Ainm Iomlán: _____

Seoladh: _____

_____

_____

Éirchód: _____

Uimhir Theagmhála Theileafóin: _____

Seoladh Ríomhphoist (más bainteach): _____

An bhfuil tú faoi bhun 18 mbliana d'aois?: Tá/Níl _____

Cuid 2 – Sonraí an Iarratais

Chun cuidiú linn na sonraí a iarradh a aimsiú, cuir isteach na mionsonraí faoin teagmháil a bhí agat leis an Roinn seo roimhe seo (e.g. luaigh an rannóg/ na rannóga lena raibh tú i dteagmháil / na cineálacha iarratas a rinne tú etc.).

_____

Luaigh an tréimhse ama dá bhfuil na sonraí á lorg.

_____

Tabhair uimhreacha tagartha ar bith, le do thoil, e.g. Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí, Uimhir Chlárúcháin na Comhairle Múinteoireachta, Uimhir Phárolla) a bhaineann le do theagmháil leis an Roinn.

_____

Tabhair an t-ainm agus seoladh d'aon scoil (agus uimhir rolla na scoile más eol duit é), ollscoil nó coláiste a bhí bainteach le haon teagmháil a bhí agat leis an Roinn roimhe seo.

_____

Tabhair breac-chuntas ar mhionsonraí na sonraí atá á lorg.

_____

_____

_____

_____

Cuid 3 – Fíorú Aitheantais

Le bheith in ann d'aitheantas a fhíorú, cuir an t-eolas seo a leanas ar fáil dúinn, le do thoil:

- Cóip de d'aitheantas fótagrafach (Pas, Ceadúnas Tiomána, Cárta Seirbhíse Poiblí)
- Cóip de bhille fóntais nó comhfhreagras oifigiúil eile faoi d'ainm ag do sheoladh.

Cuid 4 - Dearbhú

Dearbhaím go bhfuil na mionsonraí uile a chuir mé ar fáil san fhoirm seo fíor agus iomlán chomh fada agus is eol dom.

Síniú an Iarratasóra _____

Dáta _____

Cuir an fhoirm chomhlánaithe ar ais sa phost chuig:

An Roinn Oideachais agus Scileanna
An tAonad Cosanta Sonraí
Corr na Madadh
Baile Átha Luain
Co. na hIarmhí
N37 X659

Nó ar ríomhphost chuig
dpo@education.gov.ie

Tuilleadh eolais maidir le Cosaint Sonraí:

- Suíomh gréasáin an Choimisinéara Chosanta Sonraí – www.dataprotection.ie nó
- Teagmháil a dhéanamh le hOifig an Choimisinéara Chosanta Sonraí trí ghlaoch a chur ar Teil. 1 890 252231 nó ríomhphost a chur chuig info@dataprotection.ie.

Seicliosta d'fhoirmeacha Iarratais SAR

Deimhnigh go bhfuil na nithe seo a leanas déanta agat:

1. Foirm Iarratais ar Iarratas Rochtana ar Ábhar (SAR) comhlánaithe go hiomlán agat - TÁ/NÍL

2. An Dearbhú ar an bhfoirm SAR sínithe agat agus dáta curtha leis - TÁ/NÍL

3. Aitheantas fótagrafach curtha leis an bhfoirm - TÁ/NÍL

4. Cóip de bhille fóntais nó litir Rialtais a fuair tú le déanaí curtha leis an bhfoirm - TÁ/NÍL

Fógra Príobháideachas[i] don Iarratas Rochtana ar Ábhar Sonraí

Aidhm

Is iad na haidhmeanna atá ag an Roinn le do shonraí a phróiseáil ná

- Le d'aitheantas a fhíorú
- Le do sheoladh a fhíorú
- Lena fháil amach an duine fásta nó leanbh tú
- Leis na sonraí pearsanta a ndearna tú iarratas ar chóip a fháil a aithint

Bunús dlí

Airteagal 12 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

Sa chás nach gcuireann tú an t-eolas a iarradh ar an bhfoirm seo ar fáil b'fhéidir nach mbeifí in ann cóip de na sonraí atá iarrtha a chur ar fáil.

Catagóirí d'ábhar sonraí

- Iarratasóir na sonraí

Catagóirí de shonraí pearsanta

- Aitheantas agus aon uimhreacha tagartha ina measc, a chuirtear ar fáil
- Seoladh agus sonraí teagmhála eile
- Sonraí de na teagmhálacha a bhí acu leis an Roinn áit a mbaineann sé lena n-iarratas

Tuilleadh Próiseála

Áit a mbíonn sé i gceist ag an Roinn don shonraí a phróiseáil tuilleadh d'aidhm eile seachas chun na haidhmeanna atá liostaithe thuas, cuirfidh an Roinn eolas ar fáil duit faoin aidhm eile roimh thuilleadh próiseála a dhéanamh agus aon eolas ábhartha eile faoin ngníomhaíocht próiseála agus faoi do chearta cosanta sonraí.

Na daoine a fhaigheann na sonraí

D'fhéadfaí na sonraí a chuirtear ar fáil a bheith roinnte leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí áit a mbíonn sé iarrtha ón oifig sin.

Tréimhse stórála

Coinneofar na sonraí a dhéantar a phróiseáil ar feadh tréimhse 3 bliana agus faoi réir athbhreithnithe ina dhiaidh sin.

An Tríú Tír

Ní aistreofar aon chuid de do shonraí go dtí tír lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch i.e an AE agus an Iorua, an Íoslainn agus Lichtinstéin.

Cearta Ábhar Sonraí

Lean an nasc chuig https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/Information.html

le haghaidh eolais faoin gceart atá agat rochtain a dhéanamh ar do shonraí agus ar shonraí do linbh.

Is féidir leat do cheart a fheidhmiú le do shonraí a cheartú, le hiarratas a dhéanamh chun an chaoi a dhéantar iad a phróiseáil a shrianadh nó cur i gcoinne an chaoi a ndéanfaí iad a phróiseáil. Ní úsáidfear do shonraí le cinntí a dhéanamh go huathoibríoch nó le próifíliú a dhéanamh, féach http://gdprandyou.ie/wp-content/uploads/2018/03/Rights-of-Individuals-under-the-General-Data-Protection-Regulation.pdf

Cé go bhfuil an ceart agat go ndéanfaí do shonraí agus sonraí do linbh a scriosadh b'fhéidir nach mbeidh an Roinn in ann aontú le d'iarratas más rud é go bhfuil sé níos lú ná 3 bliana ó chuir tú isteach d'iarratas.

Tá an ceart agat gearán a chur isteach chuig an gCoimisinéir Cosanta Sonraí, féach www.dataprotection.ie

Sonraí Teagmhála

Is é an Roinn Oideachais agus Scileanna atá mar rialaitheoir na sonraí le do shonraí a phróiseáil. Má bhíonn aon cheist agat maidir leis seo is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an Aonad Cosanta Sonraí nó ríomhphost a chur chuig dpo@education.gov.ie nó é a chur sa phost chuig An Roinn Oideachais agus Scileanna, An tAonad Cosanta Sonraí, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N39 X659

Is féidir teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Cosanta Sonraí na Roinne trí ríomhphost a chur chuig dpo@education.gov.ie nó é a chur sa phost chuig An Roinn Oideachais agus Scileanna, An tAonad Cosanta Sonraí, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N39 X659.

[i] Féach gluais na dtéarmaí Cosanta Sonraí ar www.education.ie